— Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)

9. Prädikatswein Eiswein (fíon ina bhfuil tréith ar leith 'Eiswein')

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is fíonta geala, fíonta dearga agus fíonta rosé, agus – ar bhealach teoranta – fíonta Rotling a tháirgtear i réigiún Pfalz go traidisiúnta. Féadfar na cineálacha fíona sin a mhargú mar Prädikatsweine (fíonta ina bhfuil tréith ar leith) freisin.

Mar thoradh ar reo an uisce san fhíonghort, is beag an tionchar a bhíonn ag lobhadh uasal ar na fíonchaora agus tiubhaítear a gcomhábhair dá bharr. Dá bhrí sin, is gnách go mbíonn aigéadacht níos airde ar fhíonta Eiswein agus is déine dea-bholaithe na gcineálacha a úsáidtear orthu, ag brath ar an am a thógann sé na teochtaí ísle is gá a bhaint amach a luaithe a bhíonn na fíonchaora aibí go hiomlán. Bíonn dea-bholaithe de thorthaí buí agus coimhthíocha láidir go háirithe, agus bíonn dea-bholaithe milse spíosracha amhail mil agus torthaí triomaithe ag gabháil leo freisin. Tá dath na fíonta cosúil le dath an Qualitätsweine comhfhreagrach (fíonta ar ardchaigheán).

Féadfaidh neart alcóil iomlán ATFC 'Pfalz' a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)

— Íosmhéid aigéadachta iomláine

— Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)

10. Prädikatswein Trockenbeerenauslese (fíon ina bhfuil tréith ar leith 'Trockenbeerenauslese')

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is fíonta geala, fíonta dearga agus fíonta rosé, agus – ar bhealach teoranta – fíonta Rotling a tháirgtear i réigiún Pfalz go traidisiúnta. Féadfar na cineálacha fíona sin a mhargú mar Prädikatsweine (fíonta ina bhfuil tréith ar leith) freisin.

Úsáidtear fíonchaora sláintiúla atá go hiomlán aibí agus atá ró-aibí, fíonchaora triomaithe agus fíonchaora botraíteasaithe tiubhaithe agus bíonn cion ard siúcra ag na fíonta seo dá bhrí sin. Dá airde an cion d'fhíonchaora botraíteasaithe, is mó a mhaolaíonn roinnt de na dea-bholaithe atá sainiúil do na cineálacha a úsáidtear, agus a éiríonn dea-bholaithe de mhil, torthaí triomaithe, rísíní, caramal agus torthaí andúchasacha níos treise. Forbraítear fíonta Beerenauslese le siúcraí iarmharacha de ghnáth agus mar sin bíonn neart alcóil idir measartha agus an-íseal iontu de ghnáth. Is é an raon datha an raon datha den chineál ábhartha Qualitätswein (fíon ar ardchaighdeán).

Bíonn fíonta Trockenbeerenauslese éagsúil ó fhíonta Beerenauslese mar bíonn a chion siúcra níos airde agus a ndea-bholaithe agus a ndathanna níos déine. Ag brath ar an gcineál fíonchaoire, d'fhéadfadh aigéadacht thiubhaithe a bheith acu freisin.

Féadfaidh neart alcóil iomlán ATFC 'Pfalz' a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)

— Íosmhéid aigéadachta iomláine

— Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)

11. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is fíonta geala, fíonta dearga agus fíonta rosé, agus – ar bhealach teoranta – fíonta Rotling a tháirgtear i réigiún Pfalz go traidisiúnta. Féadfar na cineálacha fíona sin a mhargú mar Prädikatsweine (fíonta ina bhfuil tréith ar leith) freisin. Úsáidtear táirgí ATFC 'Pfalz' freisin chun fíon leathshúilíneach agus fíon súilíneach ar ardchaighdeán a tháirgeadh.

Táirgtear na fíonta sin ó bhunfhíonta (geal, rosé, dearg, Rotling) nó ó chumaisc d'fhíonta dearga agus fíonchaora dearga a brúdh go pras. Caomhnaíonn méid measartha siúcra na bhfíonchaor an leibhéal ard aigéadachta. Bíonn fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán sainiúil mar gheall ar na cineálacha atá fúthu agus ar na héifeachtaí céadfacha ar de thoradh fíonchaora a choinneáil ar a moirt le linn an táirgthe iad. D'fhéadfadh sé sin a bheith le brath trí bhlasanna a bhfuil ruainne den chnó agus den brioche iontu. D'fhéadfadh dea-bholaithe tóstáilte spíosracha a bheith ann má aibítear an bunfhíon i dteagmháil le hadhmad. Bíonn fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán úr aigéadach agus ní bhíonn méid mór alcóil iontu. Maidir leis an siúcra iarmharach, bíonn sé idir deacair le brath agus an-mhilis. Bíonn an raon dathanna atá ar na fíonta idir buí éadrom le himreacha glasa agus buí ar dhath bláthanna an chrainn líomaí, ach bíonn bándearg agus dearg orthu freisin.

Bíonn fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán darb ainmniúchán 'Cremant' torthaíoch ar bhealach mín agus bíonn aigéadacht úr acu. Bíonn dath bán nó bándearg orthu go ginearálta. Toisc go ndéantar iad a stóráil ar feadh tréimhse níos faide, faightear fíonta súilíneacha 'Cremant' atá mín, uachtarúil, cothrom agus beagán súilíneach.

Féadfaidh neart alcóil iomlán ATFC 'Pfalz' a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)

— Íosmhéid aigéadachta iomláine

— Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)

12. Fíon leathshúilíneach

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is fíonta geala, fíonta dearga agus fíonta rosé, agus – ar bhealach teoranta – fíonta Rotling a tháirgtear i réigiún Pfalz go traidisiúnta. Féadfar na cineálacha fíona sin a mhargú mar Prädikatsweine (fíonta ina bhfuil tréith ar leith) freisin. Úsáidtear táirgí ATFC 'Pfalz' freisin chun fíon leathshúilíneach agus fíon súilíneach ar ardchaighdeán a tháirgeadh.

Tá neart alcóil measartha ag na fíonta sin agus iad beagán súilíneach. Bíonn na dea-bholaithe torthaíocha agus na blasanna is saintréithe do na cineálacha fíniúna a úsáidtear chun iad a dhéanamh ar na táirgí. Táirgeann na cineálacha aramatacha is mó a úsáidtear dea-bholaithe bláthacha agus blasanna de thorthaí andúchasacha go háirithe, chomh maith le blasanna de chaora agus torthaí dearga. Bíonn an raon dathanna atá ar na fíonta idir dathanna buí éadrom le himreacha glasa agus buí ar dhath bláthanna an chrainn líomaí áit a n-úsáidtear cineálacha geala. Áit a n-úsáidtear cineálacha dearga, bíonn idir bhándearg agus dearg sa raon dathanna sin.

Féadfaidh neart alcóil iomlán ATFC 'Pfalz' a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)

— Íosmhéid aigéadachta iomláine

— Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)

— Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fíoneolaíochta shonracha*

1. Táirgí iomlána

Cleachtas fíoneolaíochta sonrach

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

2. Táirgí iomlána

Srianta ábhartha maidir leis na fíonta a dhéanamh

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

3. Táirgí iomlána

Cleachtais saothraithe

Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

5.2. *Uastáirgeacht*

1.

105 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Tá an limistéar teoranta do Vorderpfalz/Rheinpfalz, i.e. ó imill shléibhtiúla Fhoraois na Palaitíneachta san iarthar, trí Haardtrand chuig ísealchríocha Vorderpfalz, sna codanna láir agus oirthearacha. Tarlaíonn an fíonsaothrúchán in Haardtrand den chuid is mó agus ar na hidirdhromanna agus na hardchláir atá cumhdaithe le lós. Is iad teorannacha nádúrtha an réigiúin Haardtrand san iarthar, an Réin san oirthear, an Alsáis (an Fhrainc) nó an teorainn le Bienwald sa deisceart, an teorainn le Worms san oirthuaisceart, agus Kirchheimbolanden, Stetten, Gauersheim agus Zellertal, lena n-áirítear bardais Albisheim, Einselthum agus Zell, san iarthuaisceart.

Cumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint fíonghoirt sna bardais agus sna ceantair bhardasacha seo a leanas:

Albersweiler (5426), Albisheim (Pfrimm) (4555), Altdorf (5470), Annweiler am Trifels (Gräfenhausen (5424), Queichhambach (5421)), Bad Bergzabern (5372), Bad Dürkheim (Bad Dürkheim (4351), Grethen (4354), Leistadt (4356), Seebach (4353), Ungstein (4358)), Barbelroth (5360), Battenberg (Pfalz) (4396), Bellheim (5619), Billigheim-Ingenheim (Appenhofen (5383), Billigheim (5386), Ingenheim (5384), Mühlhofen (5385)), Birkweiler Birkweiler (5393), Bischheim (4571), Bissersheim (4404), Bobenheim am Berg (4379), Bobenheim-Roxheim (3951),

Bockenheim an der Weinstraße (Großbockenheim (4414), Kleinbockenheim (4415)), Böbingen (5472), Böchingen (5399), Böhl-Iggelheim (Böhl (4006), Iggelheim (4007)), Bolanden (4573), Bornheim (Südliche Weinstraße) (5516), Bubenheim (Donnersbergkreis) (4550), Burrweiler (5491), Dackenheim (4375), Dannstadt-Schauernheim (Dannstadt (3994)), Deidesheim (4310), Dierbach (5358), Dirmstein (4408), Dörrenbach (5366), Ebertsheim (4420), Edenkoben (Edenkoben (5466), 4 Mittelhainger (5467), Edesheim (Edesheim (5479), 3 Mittelhainger (5480), Einselthum (4554), Ellerstadt (4339), Erpolzheim (4366), Eschbach (Südliche Weinstraße) (5390), Essingen (5517), Flemlingen (5483), Forst an der Weinstraße (4309), Frankweiler (Südliche Weinstraße) (5397), Freckenfeld (5676), Freimersheim (Pfalz) (5476), Freinsheim (4369), Freisbach (5601), Friedelsheim (4337), Fußgönheim (3978), Gauersheim (4567), Gerolsheim (4407), Gleisweiler (5493), Gleiszellen-Gleishorbach (5374), Göcklingen (5388), Gönnheim (4338), Gommersheim (5474), Großfischlingen (5478), Großkarlbach (4405), Großniedesheim (3962), Grünstadt (Asselheim (4426), Grünstadt (4427), Sausenheim (4428), Hainfeld (5485), Haßloch (4301), Hergersweiler (5359), Herxheim am Berg (4373), Herxheim bei Landau/Pfalz (5527), Herxheimweyher (5526), Heßheim (3965), Heuchelheim bei Frankenthal (3963), Heuchelheim-Klingen (Heuchelheim (5381), Klingen (5382), Hochdorf-Assenheim (Assenheim (3995), Hochdorf (3996), Hochstadt (Pfalz) (Niederhochstadt (5519), Oberhochstadt (5518), Ilbesheim bei Landau in der Pfalz (5389), Immesheim (4548), Impflingen (5387), Insheim (5529), Kallstadt (4371), Kandel (5671), Kapellen-Drusweiler (5363), Kapsweyer (5355), Kindenheim (4416), Kirchheim an der Weinstraße (4402), Kirchheimbolanden (4577), Kirrweiler (Pfalz) (5455), Kleinfischlingen (5477), Kleinkarlbach (4400), Kleinniedesheim (3961), Klingenmünster (5375), Knittelsheim (5618), Knöringen (5403), Lambsheim (3971), Landau in der Pfalz (Arzheim (5560), Dammheim (5555), Godramstein (5558), Landau (5551), Mörlheim (5553), Mörzheim (5562), Nußdorf (5556), Queichheim (5554), Wollmesheim (5561), Laumersheim (4406), Leinsweiler (5391), Lingenfeld (5599), Lustadt (Niederlustadt (5597), Oberlustadt (5596), Maikammer (5453), Marnheim (4572), Meckenheim (4306), Mertesheim (4418), Minfeld (5675), Morschheim (4570), Neuleiningen (4398), Neustadt an der Weinstraße (Diedesfeld (4254), Duttweiler (4252), Geinsheim (4251), Gimmeldingen (4259), Haardt (4258), Hambach (4256), Königsbach (4260), Lachen-Speyerdorf (4253), Mußbach (4261), Neustadt (4257)), Niederhorbach (5362), Niederkirchen bei Deidesheim (4308), Niederotterbach (5357), Oberhausen (Südliche Weinstraße) (5361), Oberotterbach (5364), Obersülzen (4409), Obrigheim (Pfalz) (Albsheim an der Eis (4411), Colgenstein- Heidesheim (4410), Mühlheim (4412), Obrigheim (4413), Offenbach an der Queich (5515), Ottersheim (4549), Ottersheim bei Landau (5617), Pleisweiler-Oberhofen (5373), Ranschbach (5392), Rhodt unter Rietburg (Rhodt unter Rietburg (5487), 3 Mittelhainger (5488)), Rittersheim (4568), Rödersheim-Gronau (Alsheim-Gronau (3992), Rödersheim (3991)), Römerberg (Berghausen (4071), Heiligenstein (4072), Mechtersheim (4073)), Rohrbach (Südliche Weinstraße) (5530), Roschbach (5481), Rüssingen (4547), Ruppertsberg (4307), Sankt Martin (5451), Schwegenheim (5600), Schweigen-Rechtenbach (Rechtenbach (5353), Schweigen (5351)), Schweighofen (5354), Siebeldingen (5395), Speyer (4101), Steinfeld (5356), Steinweiler (5673), Stetten (4566), Venningen (5468), Vollmersweiler (5677), Wachenheim an der Weinstraße (4336), Walsheim (5401), Weingarten (Pfalz) (5602), Weisenheim am Berg (4377), Weisenheim am Sand (4367), Westheim (Pfalz) (5598), Weyher in der Pfalz (Weyher in der Pfalz (5489), 3 Mittelhainger (5490)), Winden (Germersheim) (5674), Zeiskam (5616), Zellertal (Harxheim (4551), Niefernheim (4552), Zell (4553)).

Is féidir an críochú beacht a fheiceáil ar léarscáileanna thuasluaite ar a dtaispeántar na fíonghoirt sna bardais, agus iad críochaithe de réir na dáileachta. Is féidir breathnú ar na léarscáileanna sin ag www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein.

Qualitätswein (fíon ar ardchaighdeán), Prädikatswein (fíon ina bhfuil tréith ar leith), Sekt b.A. (fíon súilíneach ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe) agus Qualitätsperlwein b.A. (fíon leathshúilíneach ó réigiúin shainithe) ar a bhfuil an t-ainm faoi chosaint 'Pfalz', féadfar é a tháirgeadh i limistéar seachas an limistéar fáis sonrach inar baineadh na fíonchaora agus a shonraítear ar an lipéadú, ar choinníoll go bhfuil an limistéar táirgthe lonnaithe sa stát feidearálach céanna nó i stát feidearálach máguaird.

7. **Cineálacha fíniúna**

Accent

Acolon

Adelfränkisch - Grüner Adelfränkisch

Albalonga

Allegro

Alvarinho - Albarino

Arneis

Artaban

Auxerrois - Auxerrois Blanc, Pinot Auxerrois

Bacchus

Barbera

Blauer Frühburgunder - Pinot Noir Précoce, Pinot Madeleine, Madeleine Noir, Frühburgunder, Pinot Madelaine

Blauer Gänsfüßer

Blauer Limberger - Lemberger, Blaufränkisch, Limberger

Blauer Muskateller - Muskateller, Schwarzblauer Muskateller; Muscat Noir, Schwarzer Muskateller, Muscat à petits gráin noirs

Blauer Portugieser

Blauer Silvaner

Blauer Spätburgunder

Blauer Trollinger - Trollinger, Vernatsch

Blauer Zweigelt - Zweigeltrebe, Rotburger, Zweigelt

Blütenmuskateller

Bolero

Bronner

Cabaret Noir

Cabernet Blanc

Cabernet Bordo

Cabernet Cantor

Cabernet Carbon

Cabernet Carol

Cabernet Cortis

Cabernet Cubin

Cabernet Dorio

Cabernet Dorsa

Cabernet Eidos

Cabernet Franc

Cabernet Jura

Cabernet Mitos

Cabernet Sauvignon

Cabertin

Calandro

Calardis Blanc

Calardis Musqué

Carignan Noir

Carménère

Chardonnay

Chenin Blanc

Cinsault

Dakapo

Deckrot

Divico

Dolcetto

Domina

Donauriesling

Dornfelder

Dunkelfelder

Ehrenfelser

Faberrebe
Felicia
Fer Servadou
Fernao Pires
Floreal
Früher Malingre - Malinger
Früher Roter Malvasier - Malvasier, Früher Malvasier, Malvoisie
Gamaret
Gelber Muskateller
Gelber Orleans - Orleans
Gf 2004-043-0010
Gf 2010-011-0048
Gf 84-58-988
Gf Nf 10-1026
Gf-Ga 52-42
Glera
Gm 674-1
Goldmuskateller - Muskateller
Grenache Blanc
Grenache Noir - Grenache
Grüner Silvaner - Silvaner, Sylvaner
Grüner Veltliner - Veltliner
Grünfränkisch
Helfensteiner
Helios
Heroldrebe
Hibernal
Huxelrebe - Huxel
Hölder
Johanniter
Juwel
Kanzler
Kerner
Kernling
Lagrein - Blauer Lagrein, Lagrain
Laurot
Malbec
Manzoni Bianco - Manzoni Bianco
Mariensteiner
Marsanne blanche - Marsanne
Marselan
Merlot
Merlot Kanthus
Merlot Khorus

Monastrell - Mourvèdre
Morio Muskat
Muscaris
Muskat Ottonel - Muskat-Ottonel
Muskat Trollinger
Müller Thurgau - Rivaner
Müllerrebe - Schwarzriesling, Pinot Meunier
Nebbiolo
Nobling
Optima 113 - Optima
Ortega
Palas
Perle
Petit Manseng
Petit Verdot
Petite Syrah
Phoenix - Phönix
Pinot Nova
Pinotage
Pinotin
Piroso
Pollux
Primitivo - Zinfandel, Blaucher Scheuchner
Prior
Reberger
Regent
Reichensteiner
Rieslaner
Rinot
Roesler - Rösler
Rondo
Rosenmuskateller - Muskateller
Rosé Chardonnay - Chardonnay, Rosa Chardonnay, Chardonnay Rosé
Roter Elbling - Elbling Rouge
Roter Gutedel - Chasselas Rouge, Fendant Rouge
Roter Muskateller - Muskateller, Muscat, Moscato
Roter Müller-Thurgau
Roter Riesling
Roter Traminer - Clevner, Traminer
Roter Veltliner
Roussanne
Ruländer - Pinot Grigio, Grauburgunder, Grauer Burgunder, Pinot Gris
Saint Laurent - St. Laurent, Sankt Laurent
Sangiovese

Saphira
Satin Noir
Sauvignac
Sauvignon Blanc - Muskat Silvaner
Sauvignon Gris
Sauvignon Gryn
Sauvignon Nepis
Sauvignon Rytos
Sauvignon Sary
Sauvitage
Scheurebe
Schwarzblauer Riesling
Schwarzer Urban
Schönburger
Semillon
Siegerrebe
Solaris
Soreli
Souvignier Gris
Syrah
Tannat
Tauberschwarz
Tempranillo
VB 32-7
VB 91-26-5
VB 91-26-8
VB Cal 1-22
VB Cal 1-28
Verdicchio Bianco - Trebbiano di Soave
Veritage
Vidoc
Villaris
Viognier
We 70-281-36
We 70-281-37
We 73-45-84
We 94-26-36
We 94-27-5
We 94-28-32
We S 509
Weißer Burgunder - Pinot Bianco, Weißburgunder, Pinot Blanc
Weißer Elbling - Elbling, Kleinberger
Weißer Gutedel - Chasselas Blanc, Fendant Blanc, Fendant
Weißer Heunisch - Heunisch

Weißer Lagler

Weißer Riesling - Riesling Renano, Rheinriesling, Klingenberger, Riesling

Würzer

8. **Tuairisc ar na naisc**

Ó thaobh cúrsaí struchtúrtha agus geolaíochta de, tá Haardtrand agus ísealchríocha Vorderpfalz mar chuid de Mhachaire na Réine Uachtaraí, scoiltghleann teicteonach a théann TOT-DID. Tá fíonsaothrúchán in Pfalz teoranta do limistéar Vorderpfalz/Rheinpfalz, i.e. ó imill shléibhtiúla Fhoraois na Palaitíneachta san iarthar, feadh Haardtrand chuig ísealchríocha Vorderpfalz, áit a bhfuil na codanna láir agus oirthearacha. Tá na fíonghoirt, ar an meán, ag airde 170 m os cionn leibhéal na mara a bheag nó a mhór. Tarlaíonn an fíonsaothrúchán in Haardtrand den chuid is mó agus ar na hidirdhromanna agus na hardchláir atá cumhdaithe le lós. Is ar na fánaí is crochta, a mbíonn grádán suas le 60 % acu, a aimsítear fíonghoirt ar fhánaí crochta, agus iad lonnaithe san iarthar, ar imill Fhoraois na Palaitíneachta agus in Haardtrand. Is fíonghoirt chothroma (grádán < 10 %) a aimsítear ar na hidirdhromanna agus na hardchláir. Is é 4.5 % a bheag nó a mhór meánghrádán fhíonghoirt Pfalz ar an iomlán. Is é 140° (soir ó dheas) an mheánaghaidh.

Ar an taobh thoir, tá imill chnoic Haardtrand, crios scoilte iarbhír Mhachaire na Réine Uachtaraí le fáil i ndiaidh Fhoraois na Palaitíneachta. Is éagsúil an comhdhéanamh geolaíoch atá le fáil sa limistéar seo nach bhfuil ach cúpla ciliméadar ar leithead ann. Anuas ar dhríodair Thréasacha, is féidir carraig Mhéiseasóch a aimsiú in áiteanna. Is minic a bhíonn carraig den sórt sin forshrathaithe le dríodar sách tiubh ón ré Cheathartha. Fásann sciar suntasach de na fíniúnacha ar lós agus ar dhíorthaigh lóis i limistéar fíonóireachta Pfalz. Is féidir fíniúnacha a aimsiú ar chré, gaineamh agus gairbhéal dobharaíoch Ceathartha freisin. Is iad aolchloch agus marla Treasach na tríú cineál ithreach is coitianta de réir achar dromchla. Saothraítear fíniúnacha ar ghaineamhchloch Rotliegend agus gaineamhchloch bhreac freisin, cé go bhfuil an cleachtas sin teoranta. Is carraigeacha andúchasacha iad aolchloch, marla agus dolaimít ó Muschelkalk, Keuper agus Iúrasach go bunúsach. Is féidir sil-leagan de charraigeacha bolcánacha Rotliegend agus Tréasacha atá go hiomlán scoite agus carraigeacha Luath-Phailéasócha a aimsiú freisin.

Maidir le comhdhéanamh ithreach, is iad lós agus díorthaigh lóis an phríomhdhríodar, inar forbraíodh ithreacha paradhonna, seornaiseoim agus parareinsíne. Is iad reigeasail agus ithir dhonn na hithreacha is coitianta a aimsítear sna dríodair dhobharaíocha, agus aimsítear ithir Vega agus Vega gléirigh freisin sna tuilemhánna. Forbraíodh éagsúlacht cineálacha ithreach ar na dríodair Thréasacha, agus go háirithe ithreacha fearóilíte, fearóisiailít agus Terrae calcis. D'ainneoin na claiseanna a treabhadh go domhain chun fíniúnacha a shaothrú, is minic is féidir na cineálacha ithreach nádúrtha a aithint fós.

Is mar a leanas atá aeráid limistéar fíonsaothraithe Pfalz. Tá an mheánteocht bhliantúil thart ar 10 °C agus is é 14,7 °C an mheánteocht le linn an tséasúir fáis. I bprionsabal, méadaíonn an teocht ón iarthar (Haardtrand) soir (Machaire na Réine). Faigheann an ceantar thart ar 655 mm báistí gach bliain ar an meán, 60 % (390 mm) de sin, ar an meán, le linn an tséasúir fáis. Faigheann an chuid iardheisceartach de limistéar fíonsaothrúcháin Pfalz na leibhéil is airde frasaíochta, agus faightear na leibhéil bhliantúla is ísle frasaíochta sa chuid is faide thoir thuaidh den réigiún. Le linn an tséasúir fáis, faigheann fíniúnacha i limistéar Pfalz tuairim is 665 000 Wh/m² de sholas díreach na gréine ar an meán.

Tosca daonna: Saothraíonn saothróirí fíona dáileachtaí móra atá nasctha, rud a chiallaíonn go n-oibríonn an meicniúchán go maith agus gur féidir na limistéir a shaothrú ar bhealach atá costéifeachtach. Tá an-mheas acu ar raon na gcineálacha fíniúna agus an fhéidearthacht chun iad a fhás, rud is féidir a dhéanamh mar gheall ar na próifílí ithreach éagsúla. Bíonn raon leathan blasanna don tomhaltóir mar thoradh air sin. Chuaigh an earnáil fíona ó neart go neart le 20 bliain anuas. Léirítear an rath sin sa líon de na táirgeoirí óga is fearr agus an líon sin ag méadú i gcónaí. Tá an toisc dhaonna bunaithe ar thraidisiún fíonsaothraithe atá ann ar feadh na n-aoiseanna.

Catagóirí na dtáirgí fíniúna

Baineann na naisc a ndéantar tuairisc orthu le táirgeadh na mbuntáirgí ó fhíonchaora a bhfuil carachtar difriúil acu mar gheall ar na hithreacha agus na modhanna próiseála éagsúla. Tar éis na buainte, aicmítear iad sa ghrád cáilíochta iomchuí i ndáil le táirgeadh fíona.

An chatagóir 'fíon'

Ní mór d'fhíonta ar ardchaighdeán na híoscheanglais a chomhlíonadh in aghaidh na catagóire de chineál fíonchaoire a leagtar síos i bpointe 3.2 den tsonraíocht táirge agus féadfar iad a threisiú. Ní mór go gcomhlíonfadh 'Prädikatsweine (fíonta ina bhfuil tréith ar leith) na critéir a leagtar amach i bpointe 3.2 ar a laghad agus níor cheart iad a shaibhriú. An táirge príomhúil (fíonchaora) atá curtha ar leataobh chun an fíon ina bhfuil tréith ar leith á tháirgeadh, nuair a bhíonn an saothróir finiúna á shaothrú, féadfaidh sé bearta speisialta a ghlacadh um chúram plandaí le linn an tséasúir fáis, amhail na duilleoga a bhaint de na limistéir fíonchaor nó na fíonchaora a thanú, chun cáilíocht níos fearr a bhaint amach chomh maith le comhdhéanamh níos déine comhábhar san fhíonchaor. Anuas air sin, is féidir an fíon ina bhfuil tréith ar leith agus a tháirgtear sa deireadh a mhúnlú le hoibríochtaí éagsúla siléir a bhaineann leis an teicneolaíocht, chomh maith le toisc dhaonna bhreise.

An chatagóir 'fíon leathshúilíneach'

Maidir le fíon leathshúilíneach ar ardchaighdeán ó na réigiúin shainithe, ní mór an buntáirge a bheith comhlíontach leis na híoscheanglais maidir le fíon ar ardchaighdeán sa réigiún atá i gceist, ceanglais a leagtar amach faoi phointe 3.2. den tsonraíocht táirge. Coinnítear cuid den dé-ocsaíd charbóin a dhíorthaítear go nádúrtha ó choipeadh le linn coipthe.

An chatagóir ‘fíon súilíneach ar ardchaighdeán’

Ní mór go gcomhlíonfadh an buntáirge na critéir a leagtar amach i bpointe 3.2 den tsonraíocht táirge. Ag brath ar a gcéim fáis agus a n-ionad, maidir le fíonchaora ó fhíonghoirt roghnaithe a úsáidtear chun bunfhíon a dhéanamh atá beartaithe chun fíon súilíneach a tháirgeadh, ní mór iad a bhuaint níos luaithe ionas go gcoinníonn siad struchtúr aigéid úr na bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe. Táirgtear an fíon leis an gcéad nó an dara coipeadh san umar nó sa bhuidéal. I gcás ina ndéantar táirgeadh le modh traidisiúnta an choipthe sa bhuidéal, ní mór an dara coipeadh alcólach sa bhuidéal a dhéanamh ar an táirge chun fíon súilíneach a dhéanamh de. Sa chás seo ní mór an táirge a aibiú sa bhuidéal ar feadh 9 mí ar a laghad.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Fíon, fíon súilíneach ar ardchaighdeán, fíon leathshúilíneach

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór cigireacht oifigiúil a dhéanamh ar na fíonta chun go ndéanfar iad a lipéadú leis na téarmaí traidisiúnta Qualitätswein (fíon ar ardchaighdeán), Prädikatswein (fíon ina bhfuil tréith ar leith), Qualitätsperlwein b.A. (fíon leathshúilíneach ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe) agus Sekt b.A. (fíon súilíneach ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe). Ní mór an uimhir chigireachta a eisítear sa chomhthéacs sin (*amtliche Prüfungsnummer*) a shonrú ar an lipéad. Cuirtear é sin in áit na baiscuimhreach.

Anuas ar an ainm fíona faoi chosaint atá ann cheana, ní mór fíon agus táirgí fíona a lipéadú le ceann amháin de na téarmaí a liostaítear i bpointe 5(a) den tsonraíocht táirge. Tá úsáid na dtéarmaí traidisiúnta a liostaítear i bpointe 5(b) den tsonraíocht táirge roghnach.

Féadfar gnéithe reachtúla d’ainmniúchán a úsáid i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Thairis sin, soláthraíonn an clár fíonghort liosta d’ainmneacha limistéar, idir fhíonghoirt ar scála mór agus fhíonghoirt aonair agus córais páirceanna neamhfhálaithe is féidir a úsáid mar aonaid gheografacha níos lú. Taispeántar leis teorainneacha na láithreán agus na limistéar i dtéarmaí tagairtí cadastracha (aonad cadastrach, fo-aonad cadastrach, córas páirceanna neamhfhálaithe, dáileacht). Déanann Comhlachas Talmhaíochta Dhúiche na Réine agus na Palaitíneachta bainistíocht air. Bunaítear an clár fíonghort agus déantar é a choinneáil ar bun ar bhonn:

— Roinn 23(3) agus (4) den Ghníomh Feidearálach um Fhíon (*Weingesetz*);

— Roinn 29 den Rialachán Feidearálach um Fhíon (*Weinverordnung*);

— Gníomh de chuid Dhúiche na Réine agus na Palaitíneachta maidir le hainmniú láithreán agus limistéar agus an clár fíonghort, Gníomh um Fhíonghoirt (*Landesgesetz über die Festsetzung von Lagen und Bereichen und über die Weinbergsrolle – Weinlagengesetz*);

— Roinn 2(16) de Rialachán de chuid Dhúiche na Réine agus na Palaitíneachta maidir le freagrachtaí i réimse na reachtaíochta fíona (*Landesverordnung über Zuständigkeiten auf dem Gebiet des Weinrechts*).

Ní féidir teorainneacha aonad geografach níos lú a athrú ach le toiliú ón eagraíocht inniúil faoi Roinn 22g den Ghníomh Feidearálach um Fhíon, agus ní mór fógra a thabhairt don Oifig Fheidearálach um Thalmhaíocht agus Bia faoi aon athrú.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

http://www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein